# CUAILLE

## NOLLAIG 2023

Uimh: 11

# Clár


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht Uachtarán CLG, Labhrás Mac Carthaigh | 3 |
| Teachtaireacht ó Ghráinne McElwain, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge, CLG | 4 |
| Do Threibh, Do Chontae | 5 |
| An tAgallamh Mór – Adam O'Neill | 6 |
| Ár gCluichí Ár Laochra - Cormac Mac Coisdealbha | 9 |
| Camchuairt Cheolmhar na hÉireann! | 11 |
| 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh! | 12 |
| Cuardach Focal - Na Laochra Peile | 14 |
| Áth Cliath agus Luimneach in uachtar – súil siar ar 2023 | 15 |
| Buaicphointí GAAgaeilge 2023 | 16 |
| Súil siar ar Scór Sinsir 2023 | 17 |
| Ó Sé ag súil lena thuilleadh dul chun cinn ó Dhoire faoi stiúir Mickey Harte | 19 |
| Cuardach Focal - Na Laochra Iomána | 21 |
| Mick Mackey 1912-1982 | 22 |
| Crosfhocal | 24 |
| 55 bonn FSMD bronnta ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh | 26 |
| Freagraí | 27 |



# Teachtaireacht an Uachtaráin

A chairde,

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh chuig eagrán mhí na Nollag de Chuaille, iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. San eagrán is deireanaí seo, tá na míreanna rialta 'Ár gCluichí, Ár Laochra', 'Do Threibh, Do Chontae' chomh maith leis an gcrosfhocal agus na puzail éagsúla a bhíonn ann go rialta.

Tugtar aitheantas ann, freisin, do na héachtaí a rinne ár laochra iomána agus peile ar an bpáirc imeartha le bliain anuas agus dóibh siúd a bhain éachtaí amach dá gcuid clubanna ag Scór agus mar chuid den scéim, Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha.

Bhí an-bhliain againn le linn 2023 agus déanaim comhghairdeas leis na foirne go léir a rinne éachtaí ar an bpáirc imeartha. Cúis mhór áthais dom ach go háirithe gur éirigh chomh maith sin leis an leagan amach nua ar na craobhchomórtais peile agus tá súil agam go mbeidh sé sin le feiceáil arís an bhliain seo chugainn.

Cuimheoidh daoine ar 2023 chomh maith de bharr an bhéim a leagadh ar an séasúr club arís i mbliana. Is léir go bhfuil ag éirí go geal leis na hathruithe a rinneadh ar an séasúr agus bhí sé iontach na sluaite a fheiceáil ag freastal ar chluichí ó cheann ceann na tíre agus ar fud na cruinne.

Bíodh Nollaig shona faoi shéan is faoi mhaise agus bliain nua mhaith ag ár lucht leanta, ag ár gcuid ball agus ag gach duine atá bainteach lenár gCumann agus lenár gcluichí.

Bainigí taitneamh as Cuaille na Nollag. Tá rud éigin ann do gach duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois.

Beirigí bua agus beannacht,

*Labhrás Mac Cárthaigh,*
*Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael*

# *Teachtaireacht ó Ghráinne McElwain*



A chairde,

Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh uilig chuig eagrán mhí na Nollag de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thairbhe as na rudaí éagsúla atá san eagrán is déanaí seo.

Tá go leor i ndiaidh tarlú ó bhí eagrán deireanach Cuaille ann i mí Aibreáin seo caite. Bhí Ambasadóir Gaeilge CLG linn ag na GAA Go Games Gaeltachta thiar i mí an Mheithimh agus bhí se linn arís eile ag Fóram Óige CLG. Bhí Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl sna Méilte i nGaeltacht Dhún na nGall i mbliana agus bhí an-fhéile go deo ann.

Bhí ceann de bhuaicphointí na bliana againn ar 1 Nollaig nuair a bhronn muid 55 bonn de chuid Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar 55 club mar aitheantas ar an obair iontach atá ar bun acu agus iad ag cur chun cinn na Gaeilge ina gcuid clubanna. Gabhaim buíochas mór lenár bpáirtnéirí sa scéim seo, Glór na Gael.

Tá deireadh ag teacht le téarma Choiste Náisiúnta na Gaeilge ach sula dtagann deireadh leis tá cúpla rud mór le déanamh againn. Beidh Babhtaí Ceannais na hÉireann de Thráth na gCeist Gaeilge ar siúl i bPáirc an Chrócaigh i mí Eanair agus tá muid ag súil go mór le 'Leabhrán an Réiteora Óig' a sheoladh roimh dheireadh mhí Eanáir, freisin. Chomh maith leis sin, beidh Ambasadóir Gaeilge CLG 2024 le fógairt go luath agus ba mhaith liom an deis seo a thógáil le mo mhíle buíochas a chur iúl do Paul Flanagan, Ambasadóir Gaeilge 2023, as ucht an sárjab a rinne sé le linn na bliana. Guím gach rath ar Paul do na blianta amach romhainn.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud éigin ann do gach duine idir lucht an chúpla focal, lucht na Gaeilge briste agus lucht na Gaeilge cliste. Tá gné-ailt, nuacht, cuardach focal, 'Ár gCluichí, Ár Laochra' agus go leor eile in eagrán na ráithe seo.

Beirigí bua,

***Gráinne McElwain,***
***Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG***

# Do Threibh, Do Chontae



*Seaimpíní Peile na gContaetha*

*Cé hiad seaimpíní reatha na peile?*

### LAIGHIN

Áth Cliath – Cill Mochuda Na Crócaigh
An Mhí – Cnoc an Línsigh
Cill Dara – Nás na Ríogh
Ceatharlach – Éire Óg
Lú – Naomh Muire, Áth Fhirdhia
Cill Mhantáin – Baile Coimín
Loch Garman – Síol Maolúir
Cill Chainnigh – Muileann an Bhata
Laois – Naomh Seosamh
Uíbh Fhailí – An Tulach Mhór
An Longfort – Eiméid Óg, Cill Eo
An Iarmhí – Naomh Lómán

### ULAIDH

Muineachán – An Bhoth
An Cabhán – Loch Gamhna
Dún na nGall – Naomh Conaill
An Dún – Cill Chua
Doire – Uachtar Ó Gréacháin, An Gleann
Ard Mhacha – Raonaithe na Croise
Tír Eoghain – Naomh Mac Artáin, Trí Leac
Aontroim – Clann na hÉireann
Fear Manach – Cláirseacha Dhoire Ó gConaíle

### CONNACHTA

Gaillimh – Cora Finne
Maigh Eo – Stiofánaigh Bhéal an Átha
Ros Comáin – Naomh Bríd
Sligeach – Cúil Iorra-An Leathros
Liatroim – Maothail
Londain – Gaeil Fulham

### AN MHUMHAIN

Ciarraí – Daingean Uí Chúis
Corcaigh – Gleann Bearcháin
Luimneach – An Caisleán Nua
An Clár – An Chreatalach
Tiobraid Árann – Tráchtálaithe Chluain Meala
Port Láirge – Ráth Ó gCormaic



Le Jamie Ó Tuama

# An tAgallamh Mór – ADAM O'NEILL

***Sliocht as agallamh a rinneadh le Adam O'Neill níos luaithe sa bhliain.***



*Adam O'Neill, An Mhí, agus Doiminic McEnhill, Aontroim, san iomaíocht le haghaidh na liathróide i gCluiche Leathcheannais Chraobh Chorn Tailteann i mbliana*

Bhí bliain an-mhór agus an-rathúil ag Adam O'Neill ar an bpáirc imeartha dá chlub agus dá chontae go dtí seo i 2023. I mí Eanáir d'imir sé a chéad chluiche leis an Mí faoi réimeas nua Colm O'Rourke. In ainneoin an 'thuas seal agus an thíos seal' a lean an cluiche sin, chríochnaigh an bhliain suas le Corn Tailteann ag cur faoi ar bhruacha na Bóinne agus i bPáirc Tailteann. Bhí Adam mar chúltaca ag foireann sin na Mí don bhliain agus é ag imirt ag uimhir 2.

Ní hamháin sin, ach tar éis don Mhí an ceann is fearr a fháil ar an Dún sa chluiche deireanach den ghrúpa cáilithe do Chluichí Ceathrú Ceannais Chorn Tailteann, thaistil Adam suas chuig na Méilte i nGaeltacht Thír Chonaill le páirt a ghlacadh i gComórtas Peile na Gaeltachta lena chlub CLG Bhulf Tón agus bhuaigh siad an comórtas.

Labhair GAA.ie le hAdam lena thuilleadh a fhoghlaim faoi féin agus faoin mbliain rathúil a bhí aige lena chlub agus lena chontae. Ba ag clubtheach Bhulf Tón i lár Ghaeltacht Bhaile Ghib a chas muid ar a chéile agus thosaigh muid lena cheistiú faoi thábhacht an chlub ina shaol ó bhí sé óg.

Adam O'Neill: Bhí sé iontach tábhachtach dom. Is as Baile Átha Cliath a tháinig mé ar dtús. Bhí muid i gCaisleán Cnucha agus nuair a tháinig muid anseo ní raibh mise ach sé bliana d'aois.

D'imir m'athair leis an gclub nuair a bhí se óg. Bhí sé go maith. Bhí an club seo mar an chéad phobal a bhí anseo dúinn nuair a tháinig muid anseo agus ó shin bhí sé tábhactach dom a bheith páirteach sna foirne faoi aois anseo. Bhí daoine ar nós Alan Corrigan agus Cathal Ó Bric an-mhaith dom ag fás aníos anseo sa chlub. Bhraith mé go raibh mé mar chuid de phobal iontach.

***Ceist:*** D'imir tú do chéad chluiche leis an Mí i mbliana. Inis dom faoi sin. Cén uair a bhfuair tú an glaoch ó Cholm agus cén chaoi ar mhothaigh tú faoi sin?




*Adam O'Neill, Cian O'Neill agus Gearóid O'Brien ag ceiliúradh tar éis do BHulf Tón an ceann is fearr a fháil ar Naomh Peadar, Dún Búinne, i gCluiche Ceannais Chraobh na Mí i bPáirc Tailteann i 2021*

***AON:*** Ní raibh glaoch ann is dócha ach bhí mé curtha i ngrúpa nua 'Meath Panel 2023' agus bhí mo dheartháir (Daniel) liom, freisin. Ní raibh críoch an-mhaith ag an gclub anuraidh ach bhí cúpla bliain maith déanta agam leis an gclub roimhe sin agus is dócha go raibh mé roghnaithe dá bharr sin.

Bhí sé iontach. Bhí mo dheartháir, bhí iontas air go bhfuair sé glaoch. Bhí fear ón Mí ag fiosrú fúmsa agus faoi féin agus ghlaoigh sé ag rá nach raibh sé in ann a rá linn céard go díreach a bhí i gceist ach go raibh muid curtha isteach ansin (ar an bpainéal). Bhí ionadh orm ach bhí mé an-tógtha leis agus ar bís faoi.

***Ceist:*** ...agus go háirithe nuair nár imir tú faoi aois leis an gcontae?

***AON:*** Sea, níor imir mé ar scoil ach an oiread. Bhí mé an-tógtha le cispheil ag fás aníos agus bhí mé ag Cluiche Ceannais na hÉireann leis an scoil faoi dhó ach chaill muid faoi dhó, freisin. B'in é an spórt a raibh mé an-tógtha leis ag fás aníos agus is dócha go raibh na scileanna ón gcispheil an-chabhrach dom agus mé ag filleadh ar an bpeil.

***Ceist:*** Bhí tús réasúnta maith ag an Mí leis an mbliain. Fuair sibh an ceann is fearr ar Cheatharlach agus bhí dhá chomhscór agaibh in aghaidh an Longfoirt agus in aghaidh Laoise i gCorn Uí Bhroin. D'airigh mé go raibh sceitimíní ar lucht peile chontae na Mí. Bhí sluaite móra do bhur leanacht i gCorn Uí Bhroin agus bhí gach duine ag súil go mór le tús ré Colm O'Rourke. Ar airigh sibh féin é sin?

***AON:*** Cinnte d'airigh agus le Colm ag teacht isteach ceapaim go raibh. Tá sé aisteach nuair a thagann iarimreoir isteach go mbíonn an méid sin daoine ag súil go mbeidh na glory years ag teacht ar ais.

Braitheann tú sin agus mar a luaigh tú féin faoi Chorn Uí Bhroin agus sa tsraith thíos i gCorcaigh, bhí slua ollmhór thíos ann. Bhí an oiread sin ionaidh orainn go raibh an méid sin daoine ag teacht trí nó ceithre uair an chloig síos an tír chun féachaint orainn.

Léigh tuilleadh ANSEO

# COMHTHOLGADH



## NÍ GA A BHEITH LEAGTHA AMACH!

PLEAN GNÍMH

- Aithin na comharthaí agus na siomptóim
- Tuairiscigh má tá aon amhras ann, ná déan é a cheilt
- Athshlánú trí scíth a ligean agus trí ghlacadh le treoir leighis
- Fill tar éis Prótacail maidir le Filleadh ar Imirt an Athuair a leanúint agus cead leighis a fháil

SIOMPTÓIM

- Tinneas Cinn, Mearbhaill, Samhnas, Meadhrán, Amharc Doiléir/Dúbailte, Íogaireacht i leith an tsolais, Meadhrán nó mearbhall a bheith ort, Gan a bheith "ag mothú i gceart", fadhbanna cuimhne, brú sa chloigeann

**Le haghaidh na bPrótacal maidir le Filleadh ar Imirt an Athuair agus le haghaidh tuilleadh eolais faoi chomhtholgadh gabh chuig learning.gaa.ie/Concussion**
**MÁ TÁ AON AMHRAS ORT, COINNIGH AMACH ÓN NGORT**

*Le Jamie Ó Tuama*



# Ár gCluichí Ár Laochra

## Cormac Mac Coisdealbha

Seoladh Craobhchomórtas Peile na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh an tseachtain seo. Thapaigh muid an deis labhairt le réalta mhór Átha Cliath, Cormac Costello, ann agus bhí ríméid orainn nuair a ghlac sé páirt sa tsraith 'Ár gCluichí, Ár Laochra'.

D'imir Cormac a chéad chluiche le hÁth Clath thiar sa bhliain 2013 agus ó shin i leith d'éirigh leis ocht gcinn de Chraobhacha Uile-Éireann a bhuachan. Tá Roinn 1 de Shraith Náisiúnta Allianz buaite aige cúig huaire, freisin, agus tá aon cheann déag de Chraobhacha Laighean buaite aige.



Bhí an-tionchar ach go háirithe ag Cormac ar an athimirt ar Chluiche Ceannais na hÉireann sa bhliain 2016 nuair a tháinig sé isteach ón mbinse le trí chúilín chinniúnacha a aimsiú dá fhoireann sna nóiméid dheireanacha. Bhí bua aon chúilín amháin ag foireann Jim Gavin an lá sin.

Is sáriománaí é Cormac, freisin, agus d'éirigh leis dhá cheann de Chraobhacha Iomána Laighean a bhuachan lena chontae ag grád na mionúr thiar sna blianta 2011 agus 2012. Bhuaigh sé Craobhacha Peile Laighean le mionúir Átha Cliath sna blianta sin, freisin.

**Ainm:**
Comac Mac Coisdealbha

**Aois:**
28

**Slí Bheatha:**
Ag obair le comhlacht earcaíochta

**Club:**
Fionnbhrú Colmcille

**Scannán is fearr leat:**
Shooter

**Banna ceoil is fearr leat:**
Aslan

**Áit is fearr leat:**
Henry Street

**An bia is fearr leat:**
Pasta

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
Mike Frank Russell

**Do chéad chuimhne CLG:**
Ag imirt peile le mo sheanathair

**An chéad uair ag imirt le do chontae:**
Nuair a bhí mé 15

**An t-imreoir is fearr le himirt leat:**
Jack McCaffrey

**An t-imreoir is fearr le himirt i d'aghaidh:**
Ryan Wylie

**An cluiche is fearr a d'imir tú:**
Cluiche Ceannais Laighean 2022

**Buaicphointe do shaoil imeartha leis an gcontae go dtí seo:**
Mo chéad chluiche le foireann shinsir Átha Cliath in aghaidh na hIarmhí sa bhliain 2013

**Buaicphointe do shaoil imeartha leis an gclub go dtí seo:**
Craobh 2022

**An duine a raibh an tionchar is mó aige nó aici ar do shaol imeartha go dtí seo:**
David Byrne

**Aon chomhairle agat d'imreoirí óga:**
Níl aon tinteán mar do thinteán féin!

**Aon chaitheamh aimsire eile:**
A bheith ag dornálaíocht





# Camchuairt Cheolmhar na hÉireann!

***Seo linn ar turas bóthair timpeall na tíre chun amhráin éagsúla a bhaineann le gach contae a cheiliúradh. Ar aghaidh linn ar an mbóthar ó thuaidh! Seo chugaibh amhrán ó Dhún na nGall. Bainigí sult as!***

**Le hAedín Ní Bhriain**

## Sean-Dún na nGall

Is grá geal mo chroí thú, 'Thír Chonaill, a stór,
'Do luí mar bheadh seoid ghlas san fharraige mór,
Ó gráim thú i gcónaí go moch is go mall,
Is molfaidh mé a choích' thú, a Shean-Dún na nGall.

Níl contae in Éirinn níos deise ná thú,
Níl daoine sa domhan níos fearr cáil is clú,
Ná tá i dTír Chonaill abhus agus thall.
Ó! Bláth bán ár dtíre thú, a Shean-Dún na nGall.

Tá teanga ár sinsear á labhairt ann go fóill
Chomh milis binn blasta le hamhrán nó ceol
Na n-aingeal sna Flaithis gan smachtú gan smál





Captaen Chill Chainnigh, Eoin Cody, le Corn Roibeáird Uí Chaoimh




Conor Whelan lena Ghradam All-Star

# 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

1. Cé a d'imir in aghaidh na Gaillimhe i gCaobh Shinsear Peile Chonnacht i mbliana?
2. Cé a fuair an ceann is fearr ar Luimneach i gCraobh Shinsear Iomána na Mumhan i mbliana?
3. Cé hiad curaidh reatha shinsear peile Uladh?
4. Cén contae lena n-imríonn Conor Whelan?
5. Cén craobhchomórtas idirchontae iomána ina imir An Mhí i mbliana?
6. Cé a rinne réiteoireacht ar Chluiche Ceannais Sinsear Iomána na hÉireann i mbliana?
7. Ainmnigh an triúr ó Áth Cliath a bhuaigh a naoú bonn uile-Éireann i mbliana?
8. Cé a bhronn Corn Roibeáird Uí Chaoimh ar Eoin Cody i mbliana?
9. Cé a fuair an ceann is fearr ar Ghaillimh i gCluiche Ceathrú Ceannais Iomána na hÉireann i mbliana?
10. Cé hé Peileadóir Óg na Bliana 2023?

FREAGRAÍ




TABHAIR
MEAS
TUILL
MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.

# Cuardach Focal
# - Na Laochra Peile

***Aimsigh na laochra peile seo a leanas a bhuaigh Gradam All-Star i 2023:***

|  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | B | C | L | U | X | T | O | N | C | Q | W | E | R | D | T | Y |
| M | E | U | I | F | O | P | S | G | A | S | D | H | F | G | I | H |
| C | J | N | B | A | S | Q | U | E | L | M | K | L | L | Z | X | C |
| C | O | V | B | P | N | R | L | M | S | Q | W | T | E | R | U | T |
| L | Y | U | C | I | O | B | L | P | A | A | S | D | Y | F | G | H |
| U | D | F | I | T | Z | S | I | M | O | N | S | E | J | M | F | M |
| S | K | L | M | J | N | I | V | A | S | H | D | F | G | C | G | C |
| K | H | L | J | M | C | C | A | R | T | H | Y | M | L | C | N | G |
| E | H | G | F | C | Z | D | N | S | X | A | C | P | V | A | O | U |
| Y | I | B | J | K | L | N | K | C | L | I | F | F | O | R | D | I |
| V | C | C | L | I | F | F | O | R | D | X | Z | L | N | T | M | G |
| B | N | M | Q | N | W | E | R | T | Y | U | I | O | S | H | E | A |
| A | S | D | F | L | G | H | R | J | K | L | Z | X | P | Y | O | N |
| C | V | B | F | E | N | T | O | N | N | M | Q | M | W | Q | E | W |
| W | R | R | E | S | E | T | G | Y | T | U | U | I | O | I | P | O |
| P | A | S | D | S | F | G | E | J | K | L | W | T | U | O | P | M |
| Z | Z | X | X | V | V | C | R | C | A | B | S | N | D | M | F | A |
| W | E | T | U | I | P | A | S | M | I | T | H | D | F | H | K | M |

Stephen ***CLUXTON*** (Áth Cliath)

Conor ***McCLUSKEY*** (Doire)

Michael ***FITZSIMONS*** (Áth Cliath)

Tom ***O'SULLIVAN*** (Ciarraí)

James ***McCARTHY*** (Áth Cliath)

Gareth ***McKINLESS*** (Doire)

Conor ***McCARTHY*** (Muineachán)

Brian ***FENTON*** (Áth Cliath)

Brendan ***ROGERS*** (Doire)

Paudie ***CLIFFORD*** (Ciarraí)

Seán ***O'SHEA*** (Ciarraí)

Enda ***SMITH*** (Ros Comáin)

David ***CLIFFORD*** (Ciarraí)

Shane ***McGUIGAN*** (Doire)

Colm ***BASQUEL*** (Áth Cliath)



Le Jamie Ó Tuama

# Áth Cliath agus Luimneach in uachtar – súil siar ar 2023


Foireann Bhuacach Átha Cliath 2023



Seaimpíní Iomána na hÉireann 2023 - Luimneach

Céard is féidir a rá faoi bhliain stairiúil 2023 do Chumann Lúthchleas Gael. Tháinig na 'Jacks' ar ais agus d'éirigh le Luimneach stair a bhaint amach agus Corn Liam Mhic Cárthaigh a thabhairt ar ais chuig bruacha na Sionainne don cheathrú bliain i ndiaidh a chéile. D'éirigh leis an Mí Corn Tailteann a bhuachan agus a thabhairt go Páirc Tailteann agus bhí buanna stairiúla ag Ceatharlach, an Mhí, Cill Mhantáin agus ag Muineachán i gCraobhchomórtais Mhic Dhonncha, Uí Rinn, Mhic Riocaird agus Uí Mheachair. Caitear súil siar ar chuid de na héachtaí móra peile agus iomána anseo.

Bhí go leor den tuairim go raibh port Átha Cliath seinnte ag tús 2023 ach ní mar a shíltear a bhítear! Nuair a d'fhógair Dessie Farrell gan choinne go raibh Jack McCaffrey agus Paul Mannion ar ais ar phainéal Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2022, bhí dóchas ag muintir na hArdchathrach an athuair. Tháinig ardú ar an dóchas sin cúpla mí ina dhiaidh sin nuair a tháinig Stephen Cluxton amach gan choinne in aghaidh Lú sa tsraith náisiúnta agus geansaí uimhir a 28 á chaitheamh aige.

D'éirigh le hÁth Cliath Roinn 2 den tsraith náisiúnta a bhuachan agus bhí neart lena seolta. Bhí buanna acu ar Laois, Chill Dara agus ar Lú sa chluiche ceannais i gCraobh Laighean le Corn Uí Dhúshláine a bhuachan don 13ú bliain i ndiaidh a chéile. Ina dhiaidh sin, fuair siad an ceann is fearr ar Chill Dara agus ar Shligeach sa ghrúpa cáilithe agus bhí comhsór acu in aghaidh Ros Comáin. Bhí buanna acu ansin ar Mhaigh Eo agus ar Mhuineachán sular éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar sheaimpíní 2022, Ciarraí, i gCluiche Ceannais na hÉireann.

Maidir leis an rás le haghaidh Liam, cé gur thóg sé bua aon chuilín amháin ar Chorcaigh sa chluiche deireanach grúpa i gCraobh na Mumhan lena mbliain iomána a choinneáil ag imeacht, thaispeáin foireann John Kiely arís eile dúinn gur foireann speisialta í foireann seo Luimnigh. Is cinnte go bhfuil a n-áit daingnithe anois in annála stair Chumann Lúthchleas Gael mar cheann de na foirne ab fhearr riamh a chuaigh chun páirce.

Chuaigh Luimneach ó neart go neart tar éis dóibh teacht amach as an ngrúpa agus thóg siad leo Corn Uí Mhaca nuair a fuair siad an ceann is fearr ar a gcomharsana béal dorais, An Clár, i gCluiche Ceannais na Mumhan ar scór 1-23 go dtí 1-22. B'in é an cúigiú huair i ndiaidh a chéile d'fhoireann John Kiely Craobh na Mumhan a bhuachan.

D'éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar Ghaillimh i gCluiche Leathcheannais na hÉireann ina dhiaidh sin le Cluiche Ceannais na hÉireann a bhaint amach in aghaidh Chill Chainnigh. Bhí siad thar cionn in aghaidh na gCat agus d'éirigh leo an ceathrú Craobh Uile-Éireann a bhuachan i ndiaidh a chéile nuair a chríochnaigh an cluiche ar scór 0-30 go dtí 2-15.

Cuireadh tús ceart le ré Colm O'Rourke mar bhainisteoir ar pheileadóirí na Mí ag tús 2023 agus in ainneoin an 'thuas seal, thíos seal' a bhain leis an mbliain d'éirigh lena fhoireann óg Craobhchomórtas Chorn Tailteann a bhuachan i bPáirc an Chrócaigh i mí Iúil. Ba in aghaidh an Dúin a bhí siad an lá sin agus chríochnaigh an cluiche ar scór 2-13 go dtí 0-14.

Ba iad Ceatharlach a bhuaigh an séú Craobhchomórtas Chorn Sheosaimh Mhic Dhonncha nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Uíbh Fhailí ar scór 2-29 go dtí 1-31 – bua aon chúilín amháin – tar éis am breise! Ba iad iománaithe na Mí a thug leo Corn Chríostóir Uí Rinn tar éis dóibh bua dhá chúilín a fháil ar Dhoire sa chluiche ceannais sin.

Ba ag Cill Mhantáin an lá i gCraobhchomórtas Chorn Niocláis Mhic Riocaird nuair bhuaigh siad ar Dhún na nGall sa chluiche ceannais i bPáirc an Chrócaigh ar scór 1-20 go dtí 3-12. Fuair iománaithe Mhuineacháin an ceann is fearr ar iománaithe Lancaisír i gCluiche Ceannais Chraobh Labhraí Uí Mheachair an lá céanna.

Amuigh ón bpáirc imeartha toghadh Jarlath Burns ina Uachtarán Tofa ar an gCumann ag Comhdháil Bhliaintúil Chumann Lúthchleas Gael i mí Feabhra. Go gairid ina dhiaidh sin, ceapadh iománaí an Chláir, Paul Flanagan, mar Ambasadóir Gaeilge CLG agus bhí an-bhliain aige agus é ag spreagadh na Gaeilge i measc bhaill agus lucht leanta an Chumainn. Ag deireadh mhí Iúil eagraíodh Cluichí Domhanda agus bhí an saol is a mháthair i láthair i nDoire le haghaidh na gcluichí sin.

Bliain thar a bheith gnóthach a bhí ann ó thaobh ghníomhaíochtaí an Chumainn de. Bímis ag súil le bliain eile ghnóthach amach romhainn i 2024!

*Cumann Lúthchleas Gael – Tá Áit Dúinn Uilig Ann.*




# Buaicphointí GAAgaeilge 2023

***Bhí bliain ghnóthach eile ag GAAgaeilge i mbliana. Breathnaíonn muid anseo ar chuid de na buaicphointí.***


*Ambasadóir Gaeilge CLG Paul Flanagan i mbun cóitseála ag na GAAgaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh an samhradh seo caite*

***1. Ceapadh Ambasadóir na Gaeilge, Paul Flanagan***

Ceapadh Paul Flanagan mar Ambasadóir Gaeilge CLG do 2023. Bhí bliain an-ghnóthach ag Paul agus é ar dualgas ag na GAAgaeilge Go Games i mí an Mheithimh, ag bronnadh na Fondúireachta, ag Fóram Óige CLG i measc go leor eile. An scéal maidir lena cheapachán le fáil anseo: https://www.gaa.ie/news/paul-flanagan-an-chlair-fogartha-mar-ambasadoir-gaeilge-clg-do-2023/

***2. Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha***

Tá an fhondúireacht ag gabháil ó neart go neart. Bhí os cionn 250 club páirteach inti i mbliana agus bronnadh boinn ar 55 club ar fad ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh ag tús mhí na Nollag. An scéal uilig anseo: https://www.gaa.ie/news/55-bonn-fsmd-bronnta-ag-ocaid-i-bpairc-an-chrocaigh/

***3. Comórtas Peile na Gaeltachta 2023***

Bhí Comórtas Peile na Gaeltachta 2023 ar siúl san Méilte i nGaeltacht Thír Chonaill i mbliana agus rinne an coiste áitiúil sárjab go deo den fhéile. I measc na mbuaiteoirí bhí CLG Bhulf Tón agus CLG Cill Chomáin i gcomórtais na bhfear agus An Tearmann agus An Clochán Liath i gcomórtais na mban. Seoladh an comórtas go náisiúnta ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh i mí Bealtaine. An scéal uilig le fáil anseo: https://www.gaa.ie/football/news/comortas-peile-na-gaeltachta-2023-seolta-go-naisiunta/

***4. GAAgaeilge Go Games***

Eagraíodh na #GAAgaeilge Go Games ar an gCéadaoin, 14 Meitheamh agus ghlac os cionn 500 iománaí óg ó chlubanna Gaeltachta, ó Ghaelscoileanna agus ó mhórcheantair Ghaeilge páirt iontu. An scéal uilig anseo: https://www.gaa.ie/hurling/news/os-cionn-500-iomanai-og-pairteach-sna-gaagaeilge-go-games-i-bpairc-an-chrocaigh/

***5. GAAgaeilge Ghasta***

Bhí an-spraoi ag mórchluichí na bliana seo le linn GAAgaeilge Ghasta – Tráth na gCeist CLG ar laethanta móra cluichí a bhí le feiceáil ar an scáilean mór! Bígí ag faire amach do GAAgaeilge Ghasta 2023!

***6. Gaeilge ag Scór***

Bhí neart Gaeilge le coisteáil ar an stáitse ag Babhtaí Ceannais Scór Sinsir agus Scór na nÓg arís eile i mbliana. Seo chugaibh súil siar ar thorthaí Bhabhta Ceannais Scór Sinsir: https://www.gaa.ie/news/seven-clubs-share-the-honours-at-scor-sinsir-2023-all-ireland-finals/

***7. Cúinne na Gaeilge***

Eagraíodh 'Cúinne na Gaeilge' ag an gcluiche idir Luimneach agus Corcaigh i bPáirc na nGael i gCraobh Iomána na Mumhan i mí Bealtaine. Bhí idir chraic, chomhrá agus chlabaireacht le fáil roimh an gcluiche!

***8. Tráth na gCeist Gaeilge***

D'éirigh le CLG Bharr na Cúile Craobh na hÉireann de Thrath na gCeist Gaeilge a bhuachan thiar i mí Eanáir. An sceal uilig anseo: https://www.gaa.ie/news/barr-na-cuille-thar-barr-ag-babhtai-ceannais-thrath-na-gceist-gaagaeilge/

***9. Podchraoltaí na Craoibhe***

Rinneadh an-chlúdach go deo ar na cluichí craoibhe ar phodchraoladh oifigiúil CLG a bhuíochas do lucht An Spota Dubh. Is féidir éisteacht siar leis na cláracha ag an nasc seo a leanas: https://soundcloud.com/user-147517856

***10. Ar an Pháirc***

D'éirigh go hiontach le feachtas CLG Uladh, 'Ar an Pháirc' inar thug imreoirí agallaimh i nGaeilge ag cluichí de chuid chraobhchomórtais na gcontaetha i gcúige Uladh.


*Uachtarán CLG, Labhrás Mac Carthaigh, in éineacht le cuid de na clubanna a bhí páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta sna Méilte i mbliana*

*Le Jamie Ó Tuama*

# Súil siar ar Scór Sinsir 2023

Ba ag muintir Chonnacht, na Mumhan agus Laighean a bhí an lá ag Babhtaí Ceannais na hÉireann 2023 de Scór Sinsir i mbliana san INEC, Cill Airne, ar 18 Samhain. Chuaigh trí chorn siar go Connachta, trí cinn go cúige Mumhan agus peire go cúige Laighean. Rinne Mainistir Chnoc Muaidhe ó Ghaillimh éacht thar na bearta nuair a d'éirigh leo an Comórtas 'Bailéad-Ghrúpa' agus an Comórtas 'Ceol Uirlise' a bhuachan os comhair an 1,200 duine a bhí i láthair.

Sna comórtais damhsa, bhuaigh Biorra ó Uíbh Fhailí an Comórtas 'Rince Foirne' agus bhuaigh An Spá ó Chiarraí an Comórtas 'Rince Seit'.

Ba ag Sorcha Ní Chatháin ó Ail Finn, Ros Comáin, a bhí an lá sa chomórtas 'Amhránaíochta Aonair' agus bhuaigh Mairéad Uí Ghráda ó CLG Mhóin na nGé an comórtas 'Aithriseoireachta'.

D'éirigh le CLG Charn an Bhua ó Chill Mhantáin an Comórtas 'Nuachleas' a bhuachan agus lá an-chorraitheach a bhí ann don chlub.

Ba iad CLG Shráid an Mhuilinn, Corcaigh a bhuaigh Tráth na gCeist.

Is féidir leat breathnú siar ar Bhabhtaí Ceannais Scór Sinsir 2023 ANSEO a bhuíochas le TG4 a chraolaigh na babhtaí ceannais beo ar YouTube ANSEO!

***Na Torthaí Uilig Anseo***

***Rince Foirne:*** Biorra, Uíbh Fhailí
***Amhránaíocht Aonair:*** Sara Ní Chatháin, Ail Finn, Ros Comáin
***Aithriseoireacht/Scéalaíocht:*** Máiréad Uí Ghráda, Móin na nGé, Luimneach
***Nuachleas:*** Carn an Bhua, Cill Mhantáin
***Bailéad-Ghrúpa:*** Mainistir Chnoc Muaidhe, Gaillimh
***Ceol Uislise:*** Mainistir Chnoc Muaidhe, Gaillimh
***Rince Seit:*** An Spá, Ciarraí
***Tráth na gCeisteanna:*** Sráid an Mhuilinn, Corcaigh



*Bhí an saol 'is a mháthair i láthair ag Babhtaí Ceannais Scór Sinsir na hÉireann 2023 i gCill Airne ar an deireadh seachtaine*



*Sarah Keane, Ail Finn*

# GAA
# Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

**Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.**

**Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.**

**Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.**

## CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

## BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

**Ba cheart d'imreoirí, cóitseálaithe agus Clubanna CLG:**

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'
- ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.




## DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:

**DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?

**FAD** HAn bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?

**MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil patrún ann?

**CUSPOIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG

Le Jamie Ó Tuama

# Ó Sé ag súil lena thuilleadh dul chun cinn ó Dhoire faoi stiúir Mickey Harte



D’fhógair GAAGO a sceideal craolacháin do 2024 ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh ag tús na míosa seo. I measc na n-anailísithe de chuid GAAGO a bhí i láthair bhí Marc Ó Sé. Labhair Marc liom faoin séasúr peile atá amach romhainn agus faoina chéad bhliain le GAAGO. Tá sé ag súil go mór le 2024.

‘Bheul, bhaineas ana-thaitneamh as an mbliain seo caite’ a deir Marc. ‘Is deas go bhfuil sé ag tarlú arís i mbliana. Bhaineas taitneamh as a bheith ag léimint isteach sa mhótar ar an Satharn, ag dul chuig áiteanna éagsúla timpeall na tíre, go háirithe agus mé ag dul suas go dtí’n Tuaisceart, sna cluichí ansan thuas ag féachaint ar Chraobh Uladh. Bhaineas sárthaitneamh as a bheith ag obair le leithéidí Michael Murphy agus Paddy Andrews.

‘Tánn tú, is dócha, ag foghlaim an t-am ar fad, ag féachaint ar na cluichí agus is dócha na córais agus an stíl dhifriúil atá ag na contaetha difriúla. Is rud deas é sin agus nuair a éiríonn tú as an bpeil tánn tú fós sórt sáite ann i slí éigin. Is deas go bhfuilim fós ann.’

Bíonn an-spraoi ag an bpainéal nuair a bhíonn siad le chéile agus tagann sé sin trasna nuair a bhíonn siad ag obair le chéile.

‘Nuair atánn tú ag déileáil le leithéidí Michael Murphy agus Paddy Andrews, dream seoigh ar fad is ea iad agus bíonn an-chraic agus spraoi againn nuair a théimid suas faoin tír,’ a mhíníonn Marc. ‘Bímid ag dul go dtí na páirceanna difriúla agus bíonn ort fanacht in óstáin agus bíonn cad é mar chlismirt agus mar chraic againn.

‘Bíonn gach aon sórt craic againn leo. Leaideanna iontacha is ea iad agus tá mé ana-cheanúil orthu, caithfidh mé a rá. Caithfidh craic a bheith agat chomh maith nuair atá tú ag dul go dtí na háiteanna so. Muna bhfuil craic agat bíonn sé ábhairín leadránach.’

Ní raibh ach oiread na fríde idir Áth Cliath agus Ciarraí i gcluiche ceannais na bliana seo. Tá Marc den tuairim go dteastaíonn cúpla imreoir nua ó Chiarraí má ta siad chun an beart a dhéanamh i 2024.

‘Bheul, is dócha an dúshlán mór atá roimh Chiarraí ag féachaint amach anso, b’fhéidir i lár an ghoirt agus an líne leatosach. Caithfimid, b’fhéidir, imreoir nó dhó a fháil do na háiteanna san,’ a mhíníonn Marc. ‘Tá leithéidí David Moran éirithe as. Tá Jack Barry imithe go dtí an Astráil. Beidh ar Jack O’Connor imreoir de shaghas éigin a chur isteach ansan.

'Is cuimhin liom na blianta ó shin bhíodh Mike Breen ag imirt i lár an ghoirt do Chiarraí leis na mionúir. Tá a fhios agam go bhfuil mórán difríochtaí idir na mionúir agus na sinsir ach, ag an am céanna, b'fhéidir gur chóir féachaint air sa tsraith. Is dóigh liom go bhfuil an cumas aige ach an mbeadh sé in ann imirt i lár an ghoirt sa tsraith?

'Más rud e go bhfuil sé, bheadh sé go diail ar fad ansan mar tá sé láidir. Is féidir leis dul suas an gort agus tá sé in ann cosaint chomh maith. Mar sin, b'fhéidir gur chóir féachaint ar Mike Breen i lár an ghoirt. Bheadh sé go maith i gcomhair Chiarraí.'
Sna nóiméid díreach tar éis d'Áth Cliath Craobh na hÉireann a bhuachan i mbliana, bhí go leor den tuairim go raibh a dheireadh fecithe le James McCarthy agus roinnt daoine eile i ngeansaí Átha Cliath. De réir mar a théann muid níos gaire don séasúr nua, áfach, tá roinnt den tuairim go bhfeicfí arís iad. Tá Marc den tuairim go bhfuil neart peile fágtha iontu.

'Cén fáth nach bhféadfaidís dul i gcomhair bliana eile', a deir Marc. 'Is féidir leo. Féach ar thaispeántas Cluxton i gcluiche ceannais na bliana seo caite. Bhí sé thar barr ar fad. Na ciceana a bhí aige. James McCarthy mar an gcéanna. Tá an séasúr gairid anois. Tá tú ag caint ar b'fhéidir Aibreán, Bealtaine, Meitheamh, Iúil agus is dóigh liomsa nach mbeadh aon fhadhb acu imirt.

'Ní dóigh liom go mbeadh mórán daoine ag éirí as i mBleá Cliath agus tá Dessie ag fanacht. B'fhéidir go bhfanfadh siad san chomh maith. Is féidir leo fanacht. Tá peil fós le himirt acu agus beidh sé deacair stop a chur leo.'

Maidir leis na foirne eile tá Marc den tuairim go mbeidh Doire, ach go háirithe, an-láidir. Tá dul chun cinn mór déanta acu le blianta beaga anuas agus tá Marc den tuairim go bhfuil seans maith acu agus iad faoi stiúir Mickey Harte anois.

'Is dóigh liom go mbeidh Doire an-mhaith i mbiana go háirithe nuair atá Mickey Harte tar éis dul isteach ann. Is dóigh liom go mbeidh siad siúd láidir. Beidh Gaillimh ann is dócha, freisin.

'Tiocfaidh feabhas ar Dhún na nGall ach ní dóigh go mbeidh siad ag an leibhéal san fós. Tír Eoghain, is dóigh liom go dtiocfaidh feabhas orthu siúd chomh maith ach is dóigh liomsa Áth Cliath, Doire, Ciarraí, agus Ard Mhacha, b'fhéidir. Sin iad na foirne a bheinnse ag faire orthu, ach n'fheadar an bhfuil aoinne ann fós, b'fhéidir Doire, go bhféadfaidís Craobh na hÉireann a bhaint amach.'

Maidir leis na peileadóirí féin tá Marc ag súil le bliain mhór ó mhuintir Clifford agus Cillian Burke i measc daoine eile.

'Na himreoirí móra a mbeinnse ag súil le rudaí móra uathu i 2024 ná David Clifford gan dabht, Paudie Clifford, Seánie O'Shea ach tá imreoirí óga eile ag teacht aníos. Ag féachaint ar Bhleá Cliath fuair Basquel Gradam All-Star i mbliana. Beidh sé ag féachaint ar dhul céim sa mbreis i mbliana chomh maith le Shane McGuigan.

'Tá imreoirí óga ag teacht suas chomh maith ó chontaetha difriúla. Ó thaobh Chiarraí de tá leithéidí Cillian Burke. Is dóigh liom go bhfuil sé ar an bpainéal anois. Bhí se ag imirt go maith i gCraobhacha an Chontae agus bhí sé ag imirt go maith lena chlub. Le cúnamh Dé beidh sé sin in ann áit a fháil ar fhoireann Chiarraí agus b'fhéidir an geansaí a choimeád ansan.


*Bhí an-bhliain ag Brendan Rogers i 2023*

# Cuardach Focal
# - Na Laochra Iomána

***Aimsigh na Laochra Iomána!***

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Q | O | D | O | N | O | G | H | U | E | W | E | R | T | Y | U | I |
| O | D | P | A | S | D | I | F | G | H | J | K | L | Z | X | C | V |
| B | O | N | M | Q | W | L | E | R | T | Y | U | I | O | P | A | S |
| D | N | F | B | U | T | L | E | R | G | H | J | K | L | A | S | D |
| F | O | G | H | J | K | A | L | E | Z | X | C | W | V | B | N | M |
| M | V | Q | W | M | E | N | R | I | T | Y | U | H | I | O | P | U |
| L | A | W | L | O | R | E | O | D | O | N | N | E | L | L | A | R |
| S | N | N | Y | R | S | K | X | Q | E | P | J | L | Q | J | K | P |
| D | L | M | U | R | D | L | C | W | R | A | K | A | W | C | L | H |
| F | Z | Q | I | I | F | A | V | H | T | S | L | N | C | O | D | Y |
| G | X | W | O | S | G | S | B | A | Y | D | A | Z | R | N | Z | Q |
| H | C | E | P | S | H | Z | N | Y | U | F | S | X | E | L | X | F |
| J | V | R | A | E | J | D | M | E | I | G | D | C | T | A | C | J |
| K | B | T | B | Y | R | N | E | S | O | H | F | V | Y | N | V | L |



Eoin ***MURPHY*** (Cill Chainnigh)

Mikey ***BUTLER*** (Cill Chainnigh)

Huw ***LAWLOR*** (Cill Chainnigh)

Dan ***MORRISSEY*** (Luimneach)

Diarmaid ***BYRNES*** (Luimneach)

John ***CONLON*** (An Clár)

Kyle ***HAYES*** (Luimneach)

Darragh ***O'DONOVAN*** (Luimneach)

Will ***O'DONOGHUE*** (Luimneach)

Shane ***O'DONNELL*** (An Clár)

TJ ***REID*** (Cill Chainnigh)

Tom ***MORRISSEY*** (Luimneach

Conor ***WHELAN*** (Gaillimh)

Aaron ***GILLANE*** (Luimneach)

Eoin ***CODY*** (Cill Chainnigh)

# Mick Mackey 1912-1982



*(Seo alt a scríobh Aedín Ní Bhriain roimh chluiche ceannais iomána na Mumhan i mbliana faoi dhuine de Laochra móra na hiomána, Mick Mackey)*

Tá ceann de na laethanta is mó ar fhéilire Chumainn Luthchleas Gael buailte linn inniu – Cluiche Ceannais Iomána na Mumhan. Beidh lán an tí i láthair agus na chéadta eile ag féachaint ar an gcluiche sa bhaile ar fud na tíre agus na cruinne, nó ag éisteacht leis ar an raidió.

Is é Corn Mick Mackey duais mhór an lae inniu. Ach cérbh é Mick Mackey agus cén fáth ar tharla sé gur i ndiaidh Mackey a ainmníodh an corn seo?

Meastar go forleathan go bhfuil Mick Mackey ar cheann de na hiománaithe is fearr i stair an chluiche. Rugadh é sa bhliain 1912 i gCaisleán Uí Chonaill, Co. Luimnigh, an mac ba shine do John agus May Mackey.

Bhí baint fhada ag a theaghlach leis an gcluiche iománaíochta agus mar sin ní haon ionadh é go raibh Mick le leanúint sa traidisiún. Bhí a sheanathair páirteach i gcur chun cinn na gcluichí Gaelacha agus bhí a athair "Tyler" Mackey, i measc na bpríomhphearsana iománaíochta i dtús na 1900í.

Cuireadh oideachas ar Mick i Scoil Náisiúnta Chaisleán Uí Chonaill ach is beag scolaíochta dara leibhéil a fuair sé agus d'fhág sé an scoil ag aois óg. D'imir sé iománaíocht lena chlub áitiúil Áthán ó 1930 go 1948 agus bhí sé ina bhall d'fhoireann idirchontae Luimnigh ó 1930 go 1947.

Le linn dó bheith ag imirt ar feadh 17 mbliana, bhuaigh sé go leor craobhacha — trí chraobh Uile-Éireann, cúig chraobh Mumhan, cúig chraobh as a chéile i Sraith Iomána Náisiúnta na hÉireann, ocht gcinn de Chorn Iarnróid le Cúige Mumhan agus 15 bonn lena Chlub Áthán.


Tar éis dó éirí as bheith ag imirt, bhí baint ag Mackey le bainistíocht foirne agus cóitseáil. Mar thraenálaí ar fhoireann shinsearach Luimnigh i 1955, threoraigh sé iad go dtí Craobh na Mumhan. Bhí sé ina roghnóir, freisin, ar ócáidí éagsúla le Luimneach agus leis an Mumhain araon agus chaith sé tamall ina réiteoir, chomh maith.

Sa bhliain 1980 ba é Mackey an chéad duine a fuair Gradam All-Star agus dhá bhliain tar éis a bháis, tugadh onóir dó nuair a roghnaíodh é mar lárthosaí ar Fhoireann Iománaíochta na hAoise. Sa bhliain 2000, ainmníodh é san ionad céanna ar Fhoireann Iománaíochta na Mílaoise.

Fuair Mick Mackey bás ar 13 Meán Fómhair, 1982. Bhí a shochraid ar cheann de na sochraidí ba mhó riamh ag lucht spóirt in Éirinn agus na mílte ag teacht go Caisleán Uí Chonaill, ní hamháin ó Luimneach ach ó gach cearn den tír.

Seoladh an corn a bhronnfar ar na buaiteoirí inniu i mí na Bealtaine 2022. Rinneadh cur síos ag an am ar Mackey mar "réalta iománaíochta i gCúige Mumhan".

Neosfaidh an aimsir cé a ardóidh Corn Mick Mackey inniu ach táimid go léir ag tnúth le ceiliúradh mór iomána. Bainimis sult as!




# Crosfhocal

***TRASNA***

1. Ardstiúrthóir CLG, Tómás _____, 1, 5
2. Contae Adam Hogan, An _____, 4
7. Focal eile ar phoc taobhlíne, poc ____ 6
6. Club iomána i bhFear Manach, 4, 4, 4
10. Cluiche de chuid CLG, 4
11. Curaidh Peile Uladh 1991, An ____,3
12. Bainisteoir peile Lú, 7
14. Ambasadóir Gaeilge CLG, 8

***SÍOS***

1. Imríonn sé peil le Ciarraí, 1, 10
2. Ionad ina raibh Babhtaí Ceannais Scór Sinsir 2023, 4
3. Curaidh Chorn Nicky Rackard 2023, 4, 8
4. Curaidh Iomána Shinsear Átha Cliath, 2, 6
5. Réiteoir as Corcaigh, 4
8. Club Rory Beggan, An ____, 5
9. Bainsiteoir Iomána Aontroma, 7
13. Imríonn sé peil le Ros Comáin, _____ Smith, 4







**FREAGRAÍ**

Fondúireacht
Sheosaimh
Mhic Dhonncha




## *Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !*

## *Our Games - Our Heroes - Get support for Our Language!*

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael i Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle,
tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

Glór na nGael

www.glornangael.ie







*Oileáin Árainn CLG, Alanagh Ní Ghríofa, Brónagh Ní Ghráinne agus Noel Ó Gríofa*

# 55 bonn FSMD bronnta ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh

Bronnadh 55 bonn de chuid Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar 55 club éagsúil trathnóna Dé hAoine ag ócáid bhronnta i bPáirc an Chrócaígh - 7 bonn óir, 15 bonn airgid agus 33 bonn cré-umha mar aitheantas ar a gcuid oibre ag cur chun cinn na Gaeilge ina gclubanna. Ba í an craoltóir spóirt agus Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge CLG, Gráinne McElwain, a bhí mar bhean an tí ag an ocáid. I lathair ag an ócáid, freisin, bhí Ambasadóir Gaeilge CLG, Paul Flanagan.

Is scéim tacaíochta de chuid Chumann Lúthchleas Gael agus Ghlór na nGael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha atá dírithe ar chlubanna CLG atá gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge. Is iad Glór na nGael a riarann an scéim seo i gcomhar le Coiste Náisiúnta Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael.
Cuireann clubanna fud fad na tíre an Ghaeilge chun cinn ina gcuid clubanna gan aon aitheantas. Is é cuspóir na fondúireachta seo ná aitheantas a thabhairt don obair sin, agus deis a thabhairt do chlubanna forbairt a dhéanamh ar an obair sin, ar bhonn tomhaiste agus pleanáilte. Tá treoir agus moltaí ar fáil don scéim seo ach teagmháil a dhéanamh le clg@glornangael.ie nó le hOifigeach Forbartha Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael, Jamie Ó Tuama, ag jamie.otuama@gaa.ie.

Mar chuid den fhondúireacht seo, freisin, tá ciste miondeontais ann le cabhrú le clubanna imeachtaí Gaeilge a eagrú ina gcuid clubanna. Cuirtear na cistí seo ar fáil ag amantaí éagsúla le linn na bliana. Bronntar boinn chré-umha, airgid agus óir ar chlubanna ag deireadh na bliana – ag brath ar an líon spriocanna a leagtar síos san Fhondúireacht a bheith bainte amach ag clubanna.


Is in ómós do Sheosamh Mac Donncha (1953-2016) a cuireadh an Fhondúireacht se oar bun. Fear le háireamh a bhí i Joe a bhain go leor amach dó féin agus do phobal na tíre seo i gcoitinne le linn a shaoil. D'éirigh leis an post is airde i gCumann Lúthchleas Gael a bhaint amach. Mar iománaí, thóg sé Corn Mhic Cárthaigh leis siar thar Sionainn agus bhí sé ina phríomhfheidhmeannach, agus ina chathaoirleach, ar chuid de mhóreagraíochtaí na tíre seo, Foras na Gaeilge ina measc.

# Freagraí

### *P. 12*
### *10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh*

1. Sligeach
2. An Clár
3. Doire
4. Gaillimh
5. Craobhchomórtas Chorn Uí Rinn
6. John Keenan
7. Stephen Cluxton, James McCarthy, Michael Fitzsimons
8. Deiric Ceannt
9. Luimneach
10. Ethan Doherty

### *P. 23*
### *Crosfhocal*





# MÍLE BUÍOCHAS

**Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.**

**Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus á chur in eagar ag Jamie Ó Tuama.**

**Deartha ag DBA Publications,**
**An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.**

GAA TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN